## Aguisín E

*Foirm MPF*

# Foirm Iarratais do MhúinteoiríBuana agus CID ar rochtain ar an bPríomhphainéal Ath-Imlonnaithe

**TABHAIR AR AIRD**: Ba chóir don mhúinteoir Cuid 1 nó Cuid 2 den fhoirm seo a chomhlánú go hiomlán. Ní mór do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta Cuid 3 (más infheidhme) agus Cuid 4 den fhoirm a chomhlánú.

## Cuid 1 (le comhlánú ag múinteoir incháilithe)

**Cáilitheacht le haghaidh Cearta Painéil**

**Ainm an Phainéil ar a bhfuil rochtain ag an scoil ina bhfuil tú faoi láthair: ___________________________________________**

(Cuir isteach Ainm: Deoise Chaitliceach, Deoise Eaglais na hÉireann/Phreispitéireach Aontaithe, Educate Together, An Foras Pátrúnachta nó Painéal Náisiúnta Speisialta) e.g. Deoise Chaitliceach Bhaile Átha Cliath

**Ainm an Mhúinteora:** _____________________________________ **PPSN :** ________________________

**Uimhir Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta** ______________________________________

**Seoladh Poist:** _________________________________________________________________________

**Uimhir Teileafóin Teagmhála (fón póca san áireamh):** _____________________________________

**Seoladh Ríomhphoist :** ___________________________ (Éigeantach - seolfar an fhoirm ar ais chugat má fhágtar seo folamh)

**Coláiste Oiliúna :** ______________________________________

**1. Cuir tic i gCEANN AMHÁIN de na boscaí thíos le do thoil má tá tú incháilithe. (Féadfaidh múinteoirí a stádas cláraithe a sheiceáil ar líne ag Logáil do Mhúinteoirí Cláraithe @ www.teachingcouncil.ie nó trí theagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Mhúinteoireachta, teil. 1890 224224 nó 01 6517900 nó ríomhphost info@teachingcouncil.ie)**

**Cáilíocht sa Bhunoideachas**

Tá mé lán-chláraithe (Tá mé cláraithe gan choinníoll) leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, rialachán 2/'bunoideachas' ☐

**Nó**

Tá mé cláraithe le coinníollacha faoi alt 31(5) agus tá súil agam coinníollacha an chlárúcháin a chomhlíonadh go hiomlán faoi Rialachán 2/Bunoideachas ar nó roimh 31 Lúnasa 2013. ☐

**Cáilíocht Montessori/Cáilíocht sa Bhunoideachas/Cáilíocht Riachtanais Speisialta**

Tá mé lán-chláraithe (Tá mé cláraithe gan choinníoll) leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, rialachán 3/'Montessori agus Catagóirí eile' ☐

**Nó**

Tá mé cláraithe le coinníollacha faoi alt 31(5) rialachán 3 agus tá súil agam coinníollacha an chlárúcháin a chomhlíonadh go hiomlán ar nó roimh 31 Lúnasa 2013. ☐

**Múinteoirí cláraithe go huathrialach i 2006**

Tá mé cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 mar 'Bunoideachas/Montessori agus Catagóirí Eile' (ciorclaigh mar is cuí) agus tá mé láncháilithe agus tá gach easnamh a d'aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna, má bhí aon cheann ann, sásaithe agam. ☐

**Nó**

Tá mé cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 mar 'Bunoideachas/Montessori agus Catagóirí Eile' (ciorclaigh mar is cuí) agus tá easnamh a d'aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna le sásamh go fóill agam. ☐

**Ainm agus seoladh na scoile :** ________________________________________

**Uimhir Rolla:** _______________ **Uimhir Teileafóin na Scoile:** ____________________________

**Ainm an Chathaoirligh:** ________________________________________

**Seoladh Teagmhála:** ________________________________________

Déanaim iarratas leis seo ar m'ainm a chur ar an bPríomhphainéal thuasluaite.

Tá mé sásta gur mé an múinteoir CID buan incháilithe is sóisearaí sa scoil / Thairg mé cearta painéil a aistriú leis an múinteoir buan incháilithe is sóisearaí sa scoil le toil Phátrún na scoile (scrios amach de réir mar is cuí).

Aontaím cloí leis na socruithe ath-imlonnaithe a rialaíonn feidhmiúchán an phríomhphainéil ath-imlonnaithe ag leibhéal an bhunoideachais lena n-áirítear na hathruithe a thiocfaidh i bhfeidhm sa scoilbhliain 2013/14.

Tuigim go gcuirfear na sonraí teagmhála thuas ar fáil do chomhlachtaí cuí agus go bhféadfadh go mbeadh eolas neamh-phearsanta foilsithe ar láithreáin ghréasáin chuí chun go bhféadfar mé a ath-imlonnú agus glacaim leis sin.

Tuigim go mbainfear m'ainm den Phainéal murar féidir teagmháil a dhéanamh liom ó na sonraí thuas.

Tuigim go mbainfear m'ainm den Phainéal má theipeann orm freagra a thabhairt i leith cuireadh ó scoil chuig agallamh, cuireadh ríomhphoist san áireamh.

Tuigim go mbainfear m'ainm den Phainéal má dhiúltaím glacadh le post laistigh de na teorainneacha achair.

Tuigim go mbainfear den Phainéal mé má théann mo chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta as feidhm, nó má bhaintear den Chlár mé ar chúis ar bith.

Tá an tEolas Tábhachtach do Mhúinteoirí atá ag bun na foirme seo léite agam agus tuigim é.

Glacaim leis go mbeidh ceapachán ar bith a thiocfaidh ón bpainéal seo faoi réir ghrinnfhiosrúcháin.

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam san iarratas seo fírinneach agus cruinn.**

**Síniú an Mhúinteora :** ____________________________ **Dáta:** __________________

## Cuid 2 (le comhlánú ag múinteoir incháilithe, más cuí)

***Le comhlánú má bhaineann an t-iarratas le haon Phainéal Náisiúnta, i.e., Educate Together, An Foras Pátrúnachta, Painéal Speisialta, agus sin amháin.***

Tá mé toilteanach tairiscint ar phost lasmuigh de theorainn 45 km den scoil ina bhfuilim faoi láthair a thógáil faoi mheas.

Ciorclaigh le do thoil Tá nó Níl

Má roghnaigh tú 'Tá' thuas, ciorclaigh le do thoil aon cheann de na contaetha atá liostaithe thíos ina mbeifeá toilteanach tairiscint ar phost ann a thógáil faoi mheas.

*Ceatharlach, An Cabhán, An Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Cill Dara, Cill Chainnigh, Ciarraí, Laois, Luimneach, An Longfort, Lú, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Port Láirge, An Iarmhí, Loch Garman, Cill Mhantáin.*

Tabhair ar aird le do thoil nach bhfuil aon cheangal ar scoileanna le folúntais sna contaetha nár chiorclaigh tú agus atá níos mó ná 45 km ó do scoil bhunáite aon fholúntas a thairiscint duit mura n-iarrtar sin faoi shocruithe ath-imlonnaithe.

**Síniú an Mhúinteora :** ________________________________________ **Dáta**:__________________

## Cuid 3 (le comhlánú ag an gCathaoirleach, más cuí)

**Neamhcháilitheacht le haghaidh Cearta Painéil**

Má bhíonn múinteoir a thagann faoi thionchar dheireadh a chur le post buan neamhcháilithe le haghaidh cearta painéil, tá se ríthábhachtach é sin a chur in iúl don mhúinteoir agus don Roinn. Breac síos ainm an mhúinteora atá i gceist sa spás thíos le do thoil.

**Ainm an Mhúinteora: ___________________________** **PPSN: ___________________**

**Síniú an Chathaoirligh: __________________________** **Dáta: ________________**

**Cuid 4** (le comhlánú ag an gCathaoirleach)

Tá mé sásta go bhfuil an t-eolas atá i gCuid 1 agus i gCuid 2 nó i gCuid 3 den fhoirm, mar is cuí, cruinn.

Maidir le Cuid 1 nó 2, más cuí, ceadaím d'iarratas an mhúinteora a bheith curtha ar an bPríomhphainéal thuasluaite mar atá léirithe ansin ag an múinteoir.

Maidir le Cuid 3, más cuí, dearbhaím go bhfuil an múinteoir atá ainmnithe curtha ar an eolas agam go bhfuil deireadh curtha lena p(h)ost, go bhfuil sé/sí neamhcháilithe le haghaidh cearta painéil agus go stadfar a t(h)uarastal ag deireadh na scoilbhliana reatha i.e. 31 Lúnasa.

**Síniú an Chathaoirligh : ___________________________**

**Dáta : ___________________________**

**Uimhir Teileafóin Teagmhála: _____________________** **Seoladh Ríomhphoist:_______________________**

(scaipfear sonraí teagmhála an chathaoirligh ar na comhlachtaí cuí chun ath-imlonnú an mhúinteora a éascú más incháilithe.)

## EOLAS TÁBHACHTACH DO MHÚINTEOIRÍ

1. Má tá tú incháilithe le haghaidh rochtain ar an bpríomhphainéal, comhlánaigh an Fhoirm Painéil seo le do thoil agus seol ar ais chuig Leithdháiltí Bunscoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí laistigh den chreat ama a shonraítear in Imlitir 0013/2013. Is ceanglas tábhachtach é seo maidir le do chearta fostaíochta agus cuirfear do chearta painéil i mbaol má bhíonn foirmeacha caillte nó deireanach. Moltar do mhúinteoirí mar sin cóip den fhoirm agus fianaise gur cuireadh sa phost í a choimeád.

2. Is féidir teacht ar na socruithe maidir le painéil ath-imlonnaithe ag leibhéal bunscoile a oibriú ag www.education.ie.Bunófar d'iarratas ar a bheith curtha leis an bpainéal ar na socruithe ath-imlonnaithe reatha, de réir mar a dhéanfar coigeartú orthu de bharr na bhfeabhsúchán a leagtar amach in Imlitir 0013/2013 agus sa nóta faisnéise ábhartha faoi Cheisteanna a Chuirtear go Minic atá foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne. Cuirfidh an Roinn nuashonrú rialta ar fáil maidir leis an líon múinteoirí ar gach painéal.

3. Ba chóir fiosraithe maidir le d'ath-imlonnú a chur le ríomhphost chuig primaryallocations@education.gov.ie. D'fhonn freagra a bhrostú, tabhair d'uimhir PPS agus d'uimhir rolla scoile reatha, le do thoil.

4. I gcás go gcuirtear tú ar an bpainéal ath-imlonnaithe agus go nglacann tú le tairiscint poist, go gcuireann tú siar é nó go lorgaíonn tú díolúine ón bpainéal, cuir Foirm Nuashonraithe Painéil (PUF) chomhlánaithe ar aghaidh le do thoil. Is féidir Foirmeacha Nuashonraithe Painéil a phriontáil amach díreach ó www.education.ie faoi Pearsanra Oideachais – Bunscoileanna – Leithdháiltí Múinteoirí. Caithfear Pátrún do scoile a chur ar an eolas nuair a chuirtear an Fhoirm Nuashonraithe Painéil (PUF) seo ar ais. Ní féidir dul siar ar do chinneadh maidir leis an bPainéal a fhágáil, mar sin ní mór duit dianmhachnamh a dhéanamh air. Moltar duit gan cinneadh deiridh a dhéanamh go dtí go mbeidh tairiscint fostaíochta i scríbhinn/ar ríomhphost agat, ach amháin más díolúine mháithreachais atá á lorg agat.

5. Chomh luath agus a bheidh d'ainm curtha ar an bpainéal, tabhair ar aird le do thoil go gcaithfear a bheith in ann teagmháil a dhéanamh leat an t-am ar fad ag an seoladh ríomhphoist agus trí na sonraí teagmhála eile a thug tú ar an bhFoirm seo. Má athraíonn tú do sheoladh ríomhphoist nó do shonraí teagmhála eile, ní mór duit an Rannóg Leithdháiltí Bunscoileanna a chur ar an eolas láithreach. Ní mór duit freagra pras a thabhairt ar thairiscintí ó Bhoird Bhainistíochta ar féidir a dhéanamh trí ríomhphost freisin agus laistigh de na creata ama a leagtar amach sna socruithe ath-imlonnaithe foilsithe. Ní mór tairiscintí a dhiúltú i scríbhinn nó trí ríomhphost chuig Boird Bhainistíochta. Mura gcomhlíontar na socruithe sin nó aon socruithe comhaontaithe eile mar atá foilsithe, forghéillfidh tú do chearta painéil.

6. Beidh an t-eolas a thugtar ar an bhfoirm seo faoi réir fíoraithe ag an Roinn sula gcuirtear d'ainm ar aghaidh chuig an bpátrún ábhartha lena chur leis an bPainéal. Tabhair ar aird le do thoil, dá réir sin, nach gcuirfear d'ainm leis an bpainéal go huathoibríoch mar thoradh ar an bhfoirm seo a chomhlánú agus gurb é an pátrún ábhartha a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le múinteoir a chur leis an bpainéal.